



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

An Ardteistiméireacht 2018

**Aistriúchán
Ar Scéim Mharcála**

Cuntasaíocht

Ardleibhéal

Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuilleanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

Scéimeanna Marcála san am atá le teacht

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

C.1 Cuntas Déantúsaíochta

Cuntas Déantúsaíochta ó Mhac Aibhistín Teo don bhliain dar chríoch 31/12/2017 [1]			
	€	€	€
Stoc tosaigh amhábhbar			41,500 [1]
Ceannach amhábhbar (N1)			482,700 [3]
Lúide stoc deiridh amhábhbar			(31,500) [1]
Costas na nAmhábhbar a úsáideadh			492,700
Costais Dhíreacha:			
Pá monarchan (N2)		178,200 [5]	
Fruiliú trealaimh speisialta		39,800 [2]	
Íocaíochtaí ríchíosa		26,900 [2]	244,900
Buanchostas			737,600
Forchostais Mhonarchan:			
Forchostais ghinearálta mhonarchan (N3)		102,800 [6]	
Dímheas – gléasra agus innealra (N4)		41,000 [3]	
Dímheas – foirgnimh (N5)		14,937 [3]	
Caillteanas ar dhíol meaisín (N6)		4,500 [4]	163,237
Costas Monarchan			900,837
Móide obair idir lámha 01/01/2017			38,200 [2]
Lúide obair idir lámha 31/12/2017			(40,200) [2]
			898,837
Lúide díol dramhábhbar (N7)			(2,100) [4]
Costas na déantúsaíochta			<u>896,737</u>

Cuntas Trádála, Brabúis agus Caillteanais don bhliain dar chríoch 31/12/2017			
	€	€	€
Díolacháin (N8)			1,382,500 [4]
Lúide costas díolachán			
Stoc tosaigh - earraí críochnaithe		43,100 [2]	
Costas na déantúsaíochta		896,737 [2]	
Lúide stoc deiridh - earraí críochnaithe (N9)		<u>(82,100) [3]</u>	<u>(857,737)</u>
Ollbhrabús			524,763
Lúide Speansais			
Riarachán			
Speansais riaracháin	59,200 [1]		
Dímheas – foirgnimh (N5)	<u>4,979 [2]</u>	64,179	
Díol agus Dáileadh			
Soláthar in aghaidh drochfhiach (N10)	2,760 [3]		
Speansais díola	<u>45,000 [1]</u>	<u>47,760</u>	<u>(111,939)</u>
			412,824
Móide Ioncam Oibriúcháin			
Lasaine (N11)		7,400 [3]	
Drochfhiach aisghafa		2,500 [1]	
Cíos (N12)		<u>12,000 [4]</u>	<u>21,900</u>
Brabús oibriúcháin			434,724
Ioncam infheistíochta (N13)			<u>11,000 [3]</u>
			445,724
Lúide ús bintiúir (N14)			<u>(23,000) [2]</u>
Glanbhrabús			422,724
Lúide díbhinní íoctha			<u>(27,500) [1]</u>
Brabús coinnithe			395,224
larmhéid brabúis agus caillteanais 01/01/2017			<u>38,000 [2]</u>
larmhéid brabúis agus caillteanais 31/12/2017			<u>433,224 [2]</u>

Clár Comhardaithe Mhac Aibhistín Teo mar a bheadh ar 31/12/2017			
	Costas	Dímheas Carntha	Glanluach de réir na leabhar
Sócmhainní Seasta Inláimhsithe	€	€	€
Foirgnimh mhonarchan (N15) + (N16)	995,800 [2]	59,916 [1]	935,884
Gléasra agus innealra (N17) + (N18)	<u>400,000</u> [2]	<u>193,500</u> [3]	<u>206,500</u>
	<u>1,395,800</u>	<u>253,416</u>	1,142,384
Infheistíochtaí Airgeadais			
Infheistíochtaí 4%			<u>330,000</u> [3]
			1,472,384
Sócmhainní Reatha			
Stoc deiridh: earraí críochnaithe (N9)		82,100 [3]	
amhábhair		31,500 [2]	
obair idir lámha		40,200 [2]	
Féichiúnaithe (N19)	46,000 [4]		
Lúide Soláthar in aghaidh drochfhiach (N10)	<u>(2,760)</u> [2]	43,240	
Ioncam infheistíochta dlite		<u>11,000</u> [2]	
		208,040	
Creidiúnaithe: suimeanna atá dlite laistigh de 1 bhliain amháin			
Creidiúnaithe (N20)	61,400 [4]		
Banc (N21)	39,600 [4]		
Ús dlite ar bhintiúr (N14)	23,000 [2]		
ÍMAT, ÁSPC, MSU	20,700 [2]		
Pá dlite	<u>2,500</u> [1]	<u>(147,200)</u>	<u>60,840</u>
			<u>1,533,224</u>
Maoinithe ag:			
Creidiúnaithe: suimeanna atá dlite tar éis 1 bhliain amháin			
Bintiúir 8%			300,000 [2]
	Údaraithe	Eisithe	
Gnáthscaireanna @ €1 an ceann	600,000 [1]	550,000 [1]	
Scaireanna tosaíochta 5% @ €1 an ceann	<u>300,000</u> [1]	<u>250,000</u> [1]	
	900,000	800,000	
Iarmhéid brabúis agus caillteanais		<u>433,224</u>	<u>1,233,224</u>
Caipiteal in úsáid			<u>1,533,224</u>

1	Ceannach amhábhbar	514,200 – 31,500	482,700
2	Pá monarchan	200,000 – 24,300 + 2,500	178,200
3	Forchostais mhonarchan	91,400 + 12,000 – 600	102,800
4	Dímheas – gléasra agus innealra	400,000 @ 10% = 40,000 + 20,000 @ 10% × 6/12 = 1,000	41,000
5	Dímheas foirgnimh – déantúsaíochta	2% of 995,800 × 75%	14,937
5	Dímheas foirgnimh – brabúis agus caillteanais	2% of 995,800 × 25%	4,979
6	Caillteanas ar dhíol meaisín	20,000 – 12,500 – 3,000	4,500
7	Díol dramhábhbar	5,100 – 3,000	2,100
8	Díolacháin	1,400,000 – 17,500	1,382,500
9	Lúide stoc deiridh na n-earraí críochnaithe	68,100 + 14,000	82,100
10	Soláthar in aghaidh drochfhiach	46,000 @ 6%	2,760
11	Lascaine isteach	8,000 – 600	7,400
12	Cíos	9,000 + 3,000	12,000
13	Ioncam infheistíochta	4% of 330,000 × 10/12	11,000
14	Ús bintiúir	250,000 @ 8% = 20,000 + 50,000 @ 8% × 9/12 = 3,000	23,000
15	Foirgnimh mhonarchan	940,000 + [31,500 + 24,300]	995,800
16	Dímheas carntha ar fhoirgnimh	40,000 + 19,916	59,916
17	Gléasra agus innealra	420,000 – 20,000	400,000
18	Dímheas carntha ar ghléasra agus innealra	165,000 + 41,000 – 12,500	193,500
19	Féichiúnaithe	62,000 – 17,500 + 1,500	46,000
20	Creidiúnaithe	49,400 + 12,000	61,400
21	Banc	(43,600) + 1,000 + 3,000	(39,600)
21	Banc	(33,300) + (6,300)	(39,600)

C.2. Dímhéas ar Shócmhainní Seasta

	Dímhéas bliantúil	Go 31/12/2015	2016	2017	Iomlán
50,000	7,500	30,000	7,500	4,375	41,875
22,000	6,600/3,300	16,500	3,300	1,925	21,725
66,000	9,900	28,050	9,900	9,900	
74,000	11,100	13,875	2,775		16,650
86,000	12,900		9,675	12,900	
90,000	13,500			5,625	
		88,425	33,150	34,725	

(a)

52

Cuntas na bhFeithiclí

01/01/2016	larmhéid t/a Banc & trádáil isteach uimh. 1	212,000 [2] <u>86,000</u> [1] <u>298,000</u>	01/04/2016	Diúscairt	74,000 [1]
01/04/2016			31/12/2016	larmhéid t/s	<u>224,000</u> <u>298,000</u>
01/01/2017	larmhéid t/a	224,000	31/07/2017	Diúscairt	72,000 [1]
31/07/2017	Banc uimh. 1	<u>90,000</u> [1] <u>314,000</u>	31/12/2017	larmhéid t/s	<u>242,000</u> <u>314,000</u>
01/01/2018	larmhéid t/a	242,000			

(b)

An Cuntas Soláthair in aghaidh Dímhéasa

01/04/2016	Diúscairt	16,650 [4]	01/01/2016	larmhéid t/a Brabús agus caillteanas	88,425 [6] <u>33,150</u> [7] <u>121,575</u>
31/12/2016	larmhéid t/s	<u>104,925</u> <u>121,575</u>	31/12/2016		
31/07/2017	Diúscairt	63,600 [4]	01/01/2017	larmhéid t/a Brabús agus caillteanas	104,925 <u>34,725</u> [8] <u>139,650</u>
31/12/2017	larmhéid t/s	<u>76,050</u> [3] <u>139,650</u>	31/12/2017		
			01/01/2018	larmhéid t/a	76,050

(c)

An Cuntas Diúscairthe Feithiclí

01/04/2016	Feithicil uimh. 3 Brabús agus caillteanas	74,000 [1] <u>6,650</u> [1] <u>80,650</u>	01/04/2016	Dímhéas	16,650 [2]
31/12/2016				Trádáil isteach Cúiteamh	21,000 [2] <u>43,000</u> [2] <u>80,650</u>
31/07/2017	Feithicil uimh. 1 Brabús agus caillteanas	72,000 [1] <u>4,600</u> [1] <u>76,600</u>	31/07/2017	Dímhéas	63,600 [2]
31/12/2017				Trádáil isteach	<u>13,000</u> [2] <u>76,600</u>

(d)

- (i) Is ionann an dímheas agus caillteanas i luach sócmhainne seasta thar a saolré fhónta ionchais mar thoradh ar chaitheamh agus cuimilt, imeacht ama, dífheidhmeacht agus eastócadh. Caitear leis an méid a leithdháiltear i ngach tréimhse chuntasaíochta mar chaiteachas atá le fritháireamh i gcoinne ioncaim i ríomh an bhrabúis. Sampla is ea dímheas den choincheap meaitseála i ngníomh. Déantar luach na sócmhainne a úsáideann an gnólacht (a méid in-dímheasa) a mheaitseáil leis na tréimhsí cuntasaíochta sin a bhfuiltear ag súil leo leas a bhaint as.
- (ii) Is é atá i gceist le modh an mhéid chothroim go ndíscríobhtar an méid céanna de chostas na sócmhainne gach bliain. Tá sé iomchuí i gcás sócmhainne a fhanann sa ghnólacht ar feadh tréimhse fada ama agus a chailleann luach go mall, mar shampla, sócmhainní amhail foirgnimh a ghineann brabús thar bhlianta fada.

Is éard atá i gceist le modh an mhéid chothroim méid an dímheasa a leathadh go cothrom thar shaolré fhónta ionchais na sócmhainne. Ag baint úsáid as an modh sin, is ionann an dímheas agus an figiúr céanna gach bliain, rud a thugann le tuiscint go bhfuil an tsócmhainn á húsáid ag ráta cothrom.

Cuireann an modh laghdaitheach céatadán seasta i bhfeidhm ar iarmhéid na suime glanluacha de réir a chéile le go laghdóidh méid chaiteachas an dímheasa thar shaolré fhónta na sócmhainne. Bíonn an méid a dhíscríobhtar ard sna blianta tosaigh agus laghdaíonn sé gach bliain go dtí go mbeidh sé díscríofa. Tá an modh seo iomchuí i gcás sócmhainne a chailleann an chuid is mó dá luach sna blianta díreach tar éis í a cheannach e.g. feithiclí, ríomhaire, trealamh etc. (sócmhainní a bhíonn as feidhm go gasta mar gheall ar athruithe ar an teicneolaíocht).

Ba cheart a thabhairt faoi deara nach n-úsáideann ach fíorbheagán gnólachtaí modh an iarmhéid laghdaithigh agus, i gcás go n-úsáidtear é, bíonn an figiúr céatadán ina neastachán go minic.

(a)

Cuntas trádála agus cuntas brabúis agus caillteanais don bhliain dar chríoch an 31/12/2017			
	€	€	€
Díolacháin (N1)			312,840 [9]
Lúide costas díolachán			
Stoc tosaigh		22,600 [2]	
Ceannacháin (N2)		<u>112,160</u> [7]	
		134,760	
Lúide stoc deiridh		<u>(24,200)</u> [2]	<u>(110,560)</u>
Ollbhrabús			202,280
Lúide Speansais			
Speansais ghinearálta (N3)		42,400 [4]	
Solas agus teas (N4)		10,240 [5]	
Árachas (N5)		19,500 [5]	
Ús (N6)		2,700 [5]	
Cíos (N7)		10,000 [4]	
Buanordú		2,000 [2]	
Dímheas trealaimh (N8)		<u>5,880</u> [2]	<u>(92,720)</u>
			109,560
Móide Ioncam Oibriúcháin			
Ús ar chiste			<u>900</u> [2]
Glanbhrabús			<u><u>110,460</u></u> [3]

Oibriúcháin			
Díolacháin (N1)			
Creidmheas	$52,000 + 23,400 - 28,300$	47,100	
Airgead tirim	$141,000 + 43,200 + 76,000 + 4,680 + 860$	265,740	312,840
Ceannacháin (N2)			
Creidmheas	$47,000 + 18,200 - 25,400$	39,800	
Airgead tirim		76,000	
Lúide tarraingtí stoic		(3,640)	112,160
Speansais ghinearálta (N3)	$43,200 - 800$		42,400
Solas agus teas (N4)	$11,500 + 1,300 - 2,560$		10,240
Árachas (N5)	$19,600 + 4,800 - 4,900$		19,500
Ús (N6)	$1,200 + 2,400 - 900$		2,700
Cíos (N7)	$24,000 - 14,000$		10,000
Dímheas trealamh (N8)	$42,000 \times 14\%$		5,880

(b)

8

- (i) Mura gcaitear mar is ceart le tarraingtí féadfar iad a iontráil go hearráideach mar chaiteachas gnólachta agus mar thoradh air sin déanfar figiúr an bhrabúis a laghdú/a ghanniontráil. Tá sé riachtanach freisin rialú/monatóireacht a dhéanamh ar cá mhéad a bhaintear den ghnólacht i bhfoirm tarraingtí.
- (ii) An tábhacht do Bhreatnach a bhaineann le leabharchoimeád iontrála dúbailte:
 - Soláthraíonn sé léargas níos cruinne ar staid airgeadais gnólachta ná mar a sholáthraíonn leabharchoimeád iontrála singile mar gheall ar an bprionsabal meaitseála a úsáideann rialacha cuntasáíochta fabhraithe chun ioncam agus costais a thaifeadh.
 - Laghdaíonn sé earráidí trí sheiceálacha agus iarmhéideanna a chur ar fáil.
 - Laghdaíonn sé calaois mar gur féidir idirbhearta a rianú/a iniúchadh leis.
 - Is féidir é a úsáid le linn ráitis airgeadais a ullmhú.

Cuntais Ioncaim agus Caiteachais (Brabús agus Caillteanas) M. Nic Conchobhair don bhliain dar chríoch 31/12/2017		
Ioncam	€	€
Brabús ar dhíol trealaimh (N1)		1,200 [3]
Scéim na gcártaí liachta (N2)		71,600 [3]
Othair phríobháideacha (N3)		41,180 [2]
Ioncam infheistíochta (N4)		<u>4,900</u> [2]
		118,880
Caiteachas		
Soláthairtí liachta (N5)	14,900 [5]	
Speansais ghlantacháin	3,200 [1]	
Árachas (N6)	2,300 [3]	
Urraíocht a dhéanamh ar dhuais CLG áitiúil	2,000 [1]	
Solas agus teas (N7)	2,100 [2]	
Teileafón (N8)	5,915 [2]	
Pá an fháilteora	15,500 [1]	
Dochtúir ionaid (N9)	4,800 [2]	
Táillí bainc	120 [1]	
Dímheas:		
- Máinliacht	3,200 [1]	
- Trealamh (N10)	15,600 [2]	
- Troscán	<u>4,500</u> [1]	<u>(74,135)</u>
Glanbhrabús		<u>44,745</u> [2]

Clár Comhardaithe M. Nic Conchobhair mar a bhí ar 31/12/2017			
Sócmhainní Seasta	Costas	Dímheas	Glanluach de réir na Leabhar
	€	€	€
Máinliacht	160,000 [1]	12,800 [1]	147,200
Trealamh (N11) (N12)	78,000 [1]	62,400 [1]	15,600
Troscán	<u>30,000</u> [1]	<u>18,000</u> [1]	<u>12,000</u>
	<u>268,000</u>	<u>93,200</u>	174,800
Sócmhainní Airgeadais			
Infheistíochtaí 7%		70,000 [1]	
Bannaí infheistíochta		<u>30,000</u> [1]	100,000
Sócmhainní Reatha			
Stoc soláthairtí leighis		8,300 [1]	
Banc		3,830 [1]	
Táillí cártaí leighis atá dlite		9,100 [1]	
Táillí ó othair phríobháideacha atá dlite		580 [2]	
Ioncam infheistíochta dlite		1,400 [1]	
Árachas réamhíochta		<u>800</u> [1]	
		24,010	
Creidiúnaithe: suimeanna atá dlite laistigh de 1 bhliain amháin			
Pá an dochtúra ionaid atá dlite		3,200 [1]	
Creidiúnaithe do sholáthairtí liachta		<u>5,000</u> [1]	
		(8,200)	<u>15,810</u>
Glansócmhainní iomlána			<u>290,610</u>
Maoinithe ag			
Caipiteal 01/01/2017		284,700 [1]	
Glanbhrabús		44,745	
Lúide tarraingtí (N13)		<u>(38,835)</u> [2]	<u>290,610</u>
			<u>290,610</u>

(c)

6

Tosca le cur san áireamh roimh iasacht €150,000 a dheonú:

- Giaráil – Níl iasachtaí fadtéarmacha ar bith ag an ngnólacht faoi láthair, rud a spreagfadh iasachtóir chun iasacht a dheonú.
- An cumas ús a íoc – Is é €44,745 an glanbhrabús gan muirir úis ar bith faoi láthair. Is ionann an cóimheas fíorthástála agus 1.92:1, rud a chiallaíonn go bhfuil an gnólacht leachtach agus go bhféadfadh sé muirir úis amach anseo a íoc go héasca.
- Cad is cuspóir leis an iasacht? Is é is cuspóir leis an iasacht an córas TF a nuashonrú, rud a fhágfaidh go mbeidh an chuideachta níos éifeachtaí amach anseo.
- Cén urrús is féidir léi a thairiscint? Is leor an t-urrús ina bhfuil sócmhainní seasta dar luach €174,800 agus infheistíochtaí dar luach €100,000 chun iasacht €150,000 a chumhdach.

Oibriúcháin			
1	Diúscairt	$12,000 - 7,200 - 6,000$	1,200
2	Scéim na gcártaí liachta	$72,000 - 9,500 + 9,100$	71,600
3	Táillí ó othair phríobháideacha	$40,750 + 430$	41,180
4	Ioncam infheistíochta	$3,500 + 1,400$	4,900
5	Soláthairtí liachta	$8,000 + 20,600 - 10,400 + 5,000 - 8,300$	14,900
6	Árachas	$2,400 + 700 - 800$	2,300
7	Solas agus teas	$3,000 - 900$	2,100
8	Teileafón	$8,450 - 2,535$	5,915
9	Dochtúir ionaid	$1,600 + 3,200$	4,800
10	Trealamh dímheasa	$78,000 \times 20\%$	15,600
11	Trealamh	$90,000 - 12,000$	78,000
12	Dímheas carntha ar trealamh	$54,000 + 15,600 - 7,200$	62,400
13	Tarraingtí	$37,000 - 1,600 + 900 + 2,535$	38,835

C.5 Léirmhíniú ar Chuntais

(a)

(i) Ceannacháin airgid más é 2½ mhí an tréimhse chreidmheasa faighte ó chreidiúnaithe trádála

$$\frac{\text{Creidiúnaithe}}{\text{Ceannacháin chreidmheasa}} \times 12 = 2\frac{1}{2} \text{ mí}$$

$$\frac{80,000}{X} \times 12 = 2\frac{1}{2} \times 960,000 = 2\frac{1}{2}x \quad x = 384,000$$

$$\text{Ceannacháin iomlána} = \text{costas díolachán} + \text{stoc deiridh} - \text{stoc tosaigh}$$

$$560,000 + 90,000 - 60,000 = 590,000$$

$$\text{Ceannacháin airgid} = \text{ceannacháin iomlána} - \text{ceannacháin chreidmheasa}$$

$$590,000 - 384,000 = \text{€}206,000$$

[12]

(ii)

$$\text{Toradh díbhinne} = \frac{\text{díbhinn in aghaidh na scaire}}{\text{luach margaidh}} \times 100 = x\%$$

$$\text{DPS} = \frac{\text{gnáthdhíbhinn}}{\text{luach margaidh}} \times 100 = \frac{29,000}{350,000} \times 100 = 8.29 \text{ cent}$$

$$\text{Toradh díbhinne} = \frac{\text{díbhinn in aghaidh na scaire}}{\text{luach margaidh}} \times 100 = \frac{8.29}{135} \times 100 = 6.14\% \quad [10]$$

(iii)

$$\text{Cóimheas idir praghas agus tuilleamh} = \frac{\text{luach margaidh}}{\text{tuilleamh in aghaidh na scaire}} = x \text{ blianta}$$

$$\text{Tuilleamh in aghaidh na scaire} = \frac{\text{glanbhrabús} - \text{díbhinn tosaíochta}}{\text{líon na ngnáthscaireanna a eisíodh}} \times 100 = x \text{ cent}$$

$$\text{Tuilleamh in aghaidh na scaire} = \frac{82,000 - 16,000}{350,000} = \frac{66,000}{350,000} \times 100 = 18.86 \text{ cent}$$

Cóimheas idir praghas agus tuilleamh

$$= \frac{\text{luach margaidh}}{\text{tuilleamh in aghaidh na Scaire}} \times \frac{135}{18.86} = 7.16 \text{ bliain} \quad [10]$$

(iv)

$$\text{Toradh ar chaipiteal in úsáid} = \frac{\text{glanbhrabús} + \text{ús caipiteal in úsáid}}{\text{caipiteal in úsáid}} \times 100 = x\%$$

$$\frac{82,000 + 18,000}{930,000} \times 100 = 10.75\% \quad [9]$$

(v)

$$\begin{aligned} \text{Cumhdach úis} &= \frac{\text{glanbhrabús} + \text{ús}}{\text{ús}} \\ \frac{82,000 + 18,000}{18,000} &= 5.56 \text{ uair} \end{aligned} \quad [9]$$

(b)

40

Ní bheadh na sealbhóirí bintiúr sásta le feidhmíocht agus staid reatha na cuideachta, agus lena bhfuil i ndán di amach anseo ar na cúiseanna seo a leanas: [4]

Feidhmíocht

Brabúsacht [7]

Déanann an chuideachta brabús ag tuilleamh toraidh ar chaipiteal in úsáid in 2017 de 10.75% atá i bhfad os cionn an toraidh ó infheistíochtaí saor ó riosca arb ionann é agus 2% agus costas ar iasacht de 6%. Tá an bhrabúsacht, ina ainneoin sin, imithe chun donais (treocht dhiúltach) faoi 1.65% i gcomparáid le 2016 nuair ab ionann an toradh agus 12.4%. Is cinnte nach bhfuil RugadhleRith cpt ag baint úsáid éifeachtach as acmhainní i mbliana agus ní bheadh na sealbhóirí bintiúr sásta leis an laghdú ar an bhfeidhmíocht in 2017.

Tháinig laghdú 20 cent in 2016 go 18.86 cent in 2017 ar an tuilleamh in aghaidh na scaire. Is treocht dhiúltach é sin ar ábhar imní é chomh maith.

Polasaí Díbhinne [4]

Is ionann an cumhdach díbhinne agus 2.28 uair sin agus is feabhas é sin ar an gcumhdach díbhinne anuraidh de 1.3 uair (2 oiread). Bheadh sealbhóirí bintiúr sásta go bhfuil RugadhleRith cpt ag coimeád a chuid brabús le haghaidh fairsingithe agus aisíocaíochtaí iasachtaí amach anseo. Is ionann an céatadán brabús atá curtha i leith scairshealbhóirí agus 43.96% arb ionann é sin agus feabhas ar an 50% a leithdháileadh in 2016.

Má tá fianaise ar bith ann go ndeachaigh figiúr mícheart an chumhdaigh díbhinne in 2016 i gcion ar fhigiúr cumhdaigh díbhinne iarrthóirí glac le figiúr na n-iarrthóirí féin le haghaidh cumhdach díbhinne.

Staid Gnóthaí

Leachtacht [7]

Tá fadhbanna leachtachta ag RugadhleRith cpt le cóimheas fiorthástála de 0.88:1, le haghaidh gach €1 d'fhiach gearrthéarmach níl ag an ngnólacht ach 88 cent i sócmhainní leachtacha. Sin treocht chun donais chomh maith i gcomparáid le 2016 nuair ab ionann an cóimheas fiorthástála agus 1.3:1. Tá dul chun donais an chóimheasa ina mhór-ábhar imní do shealbhóirí bintiúr mar go bhféadfadh sé go mbeadh deacracht ag an gcuideachta ús amach anseo a íoc. Má leanann an treocht sin, bheadh brú ar an gcumas atá ann ús a íoc agus ní bheadh maoiniú ar fáil le hinfheistíocht a dhéanamh ar mhaithe leis an iasacht a aisíoc.

Giaráil [7]

Tá RugadhleRith cpt gearáilte go hard le fiach ar chaipiteal in úsáid de 53.76% agus (a) cóimheas fiacha le cothromas de 116.28%. Tá maoiniú fadtéarmach na cuideachta foinsithe níos mó ag fiachas fadtéarmach ná mar atá sé ag cothromas, rud a chiallaíonn go bhfuil sé ina riosca níos airde agus go mbeidh íocaíochtaí níos airde aici. Tá an staid ghíaráilte éirithe níos measa ó bhí 2016 ann nuair a bhí sí gearáilte go híseal le céatadán gearáilte de 41%. Braitheann RugadhleRith cpt níos mó anois ar iasachtaí seachtracha.

D'éirigh an cumhdach ús níos measa ó 6.3 uair in 2016 go 5.5 uair in 2017. Tá an chuideachta fós breá ábalta a cheangaltais úis a íoc, ach leis an treocht chun donais mar aon leis an droch-leachtacht bheadh imní ar shealbhóirí bintiúr.

Urrús [6]

Déantar sócmhainní seasta a luacháil ag €650,000. Ba mhaith le sealbhóirí bintiúr fios a bheith acu cibé an léiríonn sé sin a bhfíorluach agus ar cuireadh dímheas san áireamh. Tá an chuma air, áfach, ós rud é gurb ionann na bintiúir agus €300,000, go bhfuil dóthain urrúis ann chun na hiasachtaí a chumhdach.

Tá infheistíochtaí ag RugadhleRith cpt a chosnaíonn €200,000 ach bheadh díomá ar na sealbhóirí bintiúir go bhfuil luach margaidh de €150,000 ag na bintiúir anois. Léireodh sin go ndearna an lucht bainistíochta droch-chinntí infheistíochta.

Ionchais

Earnáil [5]

Níl ionchais ghearrthéarmacha ina spreagadh mór mar gheall go n-oibríonn an chuideachta mar mhiondíoltóir sa tionscal earraí spóirt, atá an-iomaíoch, agus brandaí móra ceannasacha sa tionscal. Tá ionchais fhadtéarmacha níos fearr agus ioncaim ag méadú agus béim níos mó ar a bheith aclaí agus ar earraí spóirt a cheannach, ar bhonn rialta. Chun é féin a chosaint ar an iomaíocht ghéar sa tionscal, bheadh ar RugadhleRith anrud airgid a chaitheamh ar fhógraíocht agus iomadú brandaí. D'fhéadfadh sé sin a bheith deacair, áfach, mar gheall ar a staid reatha leachtachta.

(c)

10

Tréimhse creidmheasa a cheadaítear d'fhéichiúnaithe

Tá feabhas 20 lá (ó 60 lá go 40 lá) tagtha ar an méid ama a thógann sé ar fhéichiúnaí a c(h)untas a shocrú. Is treocht mhaith é sin. Tá staid leachtachta an Ghnólachta ag dul i bhfeabhas toisc go bhfuil sé ag bailiú fiach ar bhealach níos éifeachtúla/níos tapa. Mar sin féin, cé go bhfuil feabhas tagtha ar a staid leachtachta, tá an tréimhse bailiúcháin ó fhéichiúnaithe níos faide ná an meánthréimhse creidmheasa (34 lá) a fhaightear ó chreidiúnaithe.

Tréimhse creidmheasa a fhaightear ó chreidiúnaithe

Tá feabhas 14 lá tagtha ar an méid ama atá ag an ngnólacht cuntais a shocrú le soláthraithe. (Méadú ó 20 lá go 34 lá.) Tá an staid leachtachta ag feabhsú dá bharr siocair go bhfuil sé ag tógáil níos mó ama chun a chuntais a shocrú le soláthraithe. Mar sin féin, d'fhéadfadh sé tarlú nach bhfaighidh an gnólacht lascaí as íocaíocht phras agus thiocfadh leis sin cur isteach go diúltach ar a leachtacht.

Láimhdeachas stoic

Tá láimhdeachas stoic tar éis dul in olcas. Thit sé ó 12 uair go 6 huaire. Is treocht dhiúltach é sin. Tá staid leachtachta an ghnólachta tar éis dul in olcas toisc go bhfuil sé ag tógáil i bhfad níos mó ama chun stoc a dhíol. B'fhéidir go bhfuil barraíocht airgid gafa i stoc aige, airgead a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh gnóthaí eile. Má tá laghdú ar dhíolacháin ina bhunús leis an laghdú ar láimhdeachas stoic, beidh tionchar diúltach aige sin ar leachtacht freisin de bharr go mbeidh níos lú ioncaim i gceist.

Ní mholfaí do RugadhleRith cpt infheistiú sa ghnólacht seo.

Cuntas Brabúis agus Caillteanais Foilsithe Caipiteal cpt don bhliain dar chríoch 31/12/2017

	€	€	
Láimhdeachas		1,780,000	[2]
Costas díolachán		<u>(1,188,600)</u>	[5]
Ollbhrabús		591,400	
Costais dáileacháin		(197,880)	[5]
Speansais riaracháin		(267,120)	[6]
Ioncam oibriúcháin eile		<u>82,000</u>	[3]
Brabús oibriúcháin		208,400	
Mír eisceachtúil/brabús ar dhíol talún		87,000	[2]
Ioncam ó infheistíochtaí airgeadais		13,500	[3]
Ús iníoctha		<u>(21,000)</u>	[3]
Brabús ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh chánachas [1]		287,900	
Cáin ar bhrabús ar ghnáthghníomhaíochtaí		<u>(49,000)</u>	[2]
Brabús ar ghnáthghníomhaíochtaí tar éis cánachais		238,900	
Díbhinní íoctha		<u>(55,000)</u>	[2]
Brabús coinnithe		183,900	
Iarmhéid brabúis agus caillteanais 01/01/2017		<u>(42,500)</u>	[3]
Iarmhéid brabúis agus caillteanais 31/12/2017		<u>141,400</u>	[3]

Clár Comhardaithe Caipiteal cpt mar a bhí ar 31/12/2017

Sócmhainní seasta	€	€	€
Sócmhainní doláimhsithe			35,000 [2]
Sócmhainní inláimhsithe			981,200 [2]
Sócmhainní airgeadais			<u>300,000</u> [1]
			1,316,200
Sócmhainní reatha			
Stoc		86,000 [1]	
Féichiúnaithe		115,600 [3]	
Banc		<u>82,000</u> [1]	
		283,600	
Creidiúnaithe: suimeanna atá dlite laistigh de 1 bhliain amháin [1]			
Creidiúnaithe trádála	108,000 [1]		
Creidiúnaithe eile	60,700 [4]		
Cáin	<u>83,200</u> [2]	<u>(251,900)</u>	
Glansócmhainní reatha			<u>31,700</u>
Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha			<u>1,347,900</u>
Creidiúnaithe: suimeanna atá dlite tar éis 1 bhliain amháin			
Bintiúir 7%			300,000 [2]
Caipiteal agus Cúlchistí			
Scairchaipiteal glaoite		720,000 [2]	
Cúlchiste athluachála		186,500 [3]	
Iarmhéid brabúis agus caillteanais		<u>141,400</u> [1]	<u>1,047,900</u>
			<u>1,347,900</u>

Obair

1	Láimhdeachas	1,800,300 – 20,300	1,780,000
2	Costas díolachán	91,000 + 1,170,000 + 6,600 – 86,000 + 7,000	1,188,600
3	Costais dáileacháin	144,000 + 6,080 + 32,800 + 15,000	197,880
4	Speansais riaracháin	205,000 + 9,120 + 16,000 + 32,000 + 5,000	267,120
5	Ioncam oibriúcháin eile	39,000 + 15,000 + 28,000	82,000
6	Ioncam infheistíochta	8,400 + 5,100	13,500
7	Ús iníoctha	13,300 + 7,700	21,000
8	Sócmhainní doláimhsithe	42,000 – 7,000	35,000
9	Féichiúnaithe	139,000 – 28,500 + 5,100	115,600
10	Creidiúnaithe eile	16,000 + 32,000 + 5,000 + 7,700	60,700
11	Cúlchiste athluachála	90,000 + 96,500	186,500

24

Nótaí leis na Cuntais

1. Nótaí ar Bheartas Cuntasaíochta

Sócmhainní Seasta Inláimhsithe [6]

Athluacháladh na foirgnimh ag deireadh na bliana seo agus cuireadh san áireamh iad sna cuntais de réir a suime athluacháilte. Ríomhtar an dímheas d'fhonn luach nó costas na sócmhainní seasta inláimhsithe a dhíscríobh thar a saolré eacnamaíoch fhónta a mheastar mar seo a leanas:

Foirgnimh	2% in aghaidh na bliana – de réir méid chothroim
Veaineanna seachadta	20% in aghaidh na bliana – ar bhonn iarmhéid laghdaitheach

Déantar stoic a luacháil ar bhonn 'is túisce isteach, is túisce amach' ar a gcostas nó ar a nglanluach inréadaithe, cibé acu is lú.

2. Brabús Oibriúcháin [5]

Socraítear an brabús oibriúcháin tar éis an méid seo a leanas a ghearradh:

Dímheas ar shócmhainní seasta inláimhsithe	€48,000
Paitinn amúchta	€7,000
Táillí stiúrthóirí	€22,000
Táillí na n-iniúcháirí	€16,000
Táillí dlí	€5,000

3. Díbhinní [4]

Gnáthdhíbhinn Íoctha

7.57 cent an scair	€45,400
--------------------	---------

Díbhinní Tosaíochta Íoctha

8 cent an scair	€9,600
-----------------	--------

4. Nóta ar cheangaltas caiteachais chaipitiúil [2]

Rinne an chuideachta réamhchonradh le Stíobhard Teo. le síneadh ar a n-áitreabh a thógáil ar chostas €400,000. Tá sé i gceist acu freisin tuilleadh feabhsúcháin chaipitiúla a dhéanamh ar an áitreabh reatha ar chostas €120,000.

5. Sócmhainní Seasta Inláimhsithe [7]

	Talamh agus Foirgnimh	Veaineanna Seachadta	Iomlán
	€	€	€
Costas 01/01/2017	840,000	280,000	1,120,000
Diúscairt	(80,000)		(80,000)
Barrachas athluachála	<u>90,000</u>	<u> </u>	<u>90,000</u>
	<u>850,000</u>	<u>280,000</u>	<u>1,130,000</u>
Dímheas carntha 01/01/2017	81,300	116,000	197,300
Táille don bhliain 31/12/2017	15,200	32,800	48,000
Aistriú chuig athluacháil	<u>(96,500)</u>	<u> </u>	<u>(96,500)</u>
	<u> </u>	<u>148,800</u>	<u>148,800</u>
Glanluach de réir na leabhar 01/01/2017	758,700	164,000	922,700
Glanluach de réir na leabhar 31/12/2017	850,000	131,200	981,200

(b)

10

Cén tslí a gcosnaíonn iniúcháir leas na scairsealbhóirí?

- Trí scrúdú a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus trí dhearbhu a thabhairt go dtugtar léargas fírinneach cóir iontu.
- Trí thuarascáil iniúcháir a ullmhú agus trí dhearbhu a thabhairt gur ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir Achtanna na gCuideachtaí agus de réir na gcaighdeán agus na gcleachtas cuntasáiochta.
- Trí bheith in ann bagairt a dhéanamh ar thuarascáil choinníollach iniúcháir agus calaois a dhíspreagadh dá thairbhe.
- Tá sé neamhspleách ar na stiúrthóirí; ceapann na scairsealbhóirí an t-iniúcháir agus tá sé freagrach dóibh.

(a) Leabhar Cúnta Ginearálta

(i)	Dr	Sr
	€	€
Cuntas trealaimh	4,000 [3]	
Cuntas creidiúnaithe		8,000 [3]
Cuntas ceannachán		400 [3]
Cuntas fionraí	4,400 [3]	
<i>Ceartúchán maidir le hardaitheoir gluaisteán a ceannaíodh agus ar iontráladh go mícheart é [1]</i>		
(ii)		
Cuntas ceannachán	10,000 [3]	
Cuntas caipitil		10,000 [2]
Cuntas féichiúnaithe	10,000 [3]	
Cuntas airgid/bainc		10,000 [2]
<i>Taifeadadh ar chaipiteal a tugadh isteach agus ceartúchán maidir le díolachán ar cairde ar déileáladh leis mar dhíolachán ar airgead síos [1]</i>		
(iii)		
Cuntas creidiúnaithe	22,400 [2]	
Cuntas na n-aschur ceannacháin		10,600 [2]
Cuntas fionraí		11,800 [2]
<i>Ceartúchán maidir le haschuir cheannacháin agus táille athstocála ina dhiaidh sin ar iontráladh go mícheart iad [1]</i>		
(iv)		
Cuntas airgid/bainc	500 [2]	
Cuntas féichiúnaithe	125 [2]	
Drochfhiacha arna ngnóthú (brabús agus caillteanas)		625 [2]
<i>Taifeadadh ar dhrochfhiach arna ghnóthú agus gealltanais maidir leis an gcuid eile den fhiach [1]</i>		
(v)		
Cuntas ceannachán	3,000 [3]	
Cuntas CBL	405 [3]	
Cuntas creidiúnaithe		405 [3]
Cuntas trealaimh		3,405 [3]
Cuntas fionraí	405 [3]	
<i>Ceartúchán maidir leis an bhfigiúr le CBL i leith ceannachán a iontráladh sa chuntas trealaimh agus an figiúr gan CBL a iontráladh sa chuntas creidiúnaithe [1]</i>		

(b) Cuntas Fionraí Ceartaithe**6**

Cuntas fionraí					
	Difríocht bhunaidh	6,995	(iii)	Creidiúnaithe/aschuir cheannacháin [2]	11,800
(i)	Ceannacháin/creidiúnaithe	4,400 [2]			
(v)	Trealamh/creidiúnaithe	<u>405 [2]</u>			
		<u>11,800</u>			<u>11,800</u>

(c) Ráiteas maidir le Glanbhrabús Ceartaithe**14**

	€	€
Glanbhrabús bunaidh		40,000
Móide:		
(i) Ceannacháin	400 [2]	
(iii) Aschuir cheannacháin	10,600 [2]	
(iv) Brabús agus cailteanas (drochfhiach arna ghnóthú)	<u>625 [2]</u>	11,625
Lúide:		
(ii) Ceannacháin	10,000 [2]	
(v) Ceannacháin	<u>3,000 [2]</u>	<u>(13,000)</u>
Glanbhrabús ceartaithe		38,625 [4]

(d)

20

Clár Comhardaithe Ceartaithe			
Sócmhainní seasta	€	€	€
Áitreabh		500,000 [2]	
Mótarfheithiclí		35,000 [2]	
Trealamh (24,000 + 4,000 – 3,405)		<u>24,595</u> [2]	559,595
Sócmhainní reatha			
Stoc		60,500 [1]	
Féichiúnaithe (10,000 + 125)		20,925 [2]	
Airgead (-10,000)		<u>2,200</u> [1]	
		83,625	
Creidiúnaithe: suimeanna atá dlite laistigh de 1 bhliain amháin			
Creidiúnaithe trádála (8,000 – 22,400 + 405 + 6,995)	45,300 [4]		
Banc (-500)	17,900 [1]		
CBL (-405)	<u>7,095</u> [1]	<u>(70,295)</u>	
Glansócmhainní reatha			<u>13,330</u>
Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha			<u>572,925</u>
Maoinithe ag			
Caipiteal (+10,000)		560,000 [2]	
Glanbhrabús		<u>38,625</u> [1]	
		598,625	
Lúide tarraingtí		<u>(25,700)</u> [1]	<u>572,925</u>
			<u>572,925</u>

(e) An fheidhm atá le cuntas fionraí

6

- Úsáidtear cuntas fionraí nuair a bhíonn botún sna cuntais a chuireann cosc ar chomhardú an chomhardaithe thrialaigh.
- Déantar an difríocht idir taobh an dochair agus taobh an tsochair den chomhardú trialach a iontráil sa chuntas fionraí, go dtí go dtagtar ar na hearráidí, le gur féidir an comhardú trialach a chomhardú. Déantar na hearráidí ábhartha a cheartú tríd an gcuntas fionraí agus déantar an t-iarmhéid a ghlanadh ansin.

C.8 Luacháil Stoic agus Costáil Táirgí

50

(a)

(i) Ceannacháin

Aonaid	Praghas	Costas
4,500	€8	€36,000
2,500	€7	€17,500
3,000	€6	€18,000
<u>1,500</u>	€5	<u>€7,500</u>
11,500		€79,000

Díolacháin

Aonaid	Praghas Díolacháin	Ioncam ó Dhíolacháin
2,800 (1,800 + 1,000)	€10	€28,000
3,200 (2,000 + 1,200)	€11	€35,200
2,200 (1,000 + 1,200)	€12	€26,400
<u>2,900</u> (1,500 + 1,400)	€13	<u>€37,700</u>
11,100		€127,300

Stoc deiridh ina aonaid = stoc tosaigh (aonaid) + ceannacháin (aonaid) – díolacháin (aonaid)
 = 5,000 + 11,500 – 11,100 = 5,400 [21]

Luach an stoic dheiridh (is túisce isteach, is túisce amach)

Aonaid	Costas	Luach €
1,500	€5	7,500 [3]
3,000	€6	18,000 [3]
<u>900</u>	€7	<u>6,300</u> [3]
5,400		31,800 [4]

(ii)

Cuntas trádála d'Uastún Teo. don bhliain dar chríoch 31/12/2017

	€	€
Díolacháin		127,300 [4]
Lúide costas díolachán		
Stoc tosaigh	30,000 [2]	
Ceannacháin	79,000 [3]	
Lúide stoc deiridh	<u>(31,800)</u> [2]	<u>(77,200)</u>
Ollbhrabús		50,100 [4]

(iii) **Coincheap na críonnachta agus luacháil stoic [1]**

Sonraítear i gcoincheap na críonnachta gur cheart a bheith cúramach tráth ráitis airgeadais a ullmhú. Mar sin, níor chóir go gcuirfí san áireamh sna cuntais ach brabúis réadaithe amháin. Mar sin féin, ba cheart foráil a dhéanamh do na speansais agus na caillteanais uile a bhfuiltear ag súil leo. A bhuíochas le coincheap na críonnachta ní dhéantar áibhéil ar bhrabúis agus ní thugtar tearc-chuntas ar chaillteanais. Dá measfaí an stoc deiridh os cionn a luacha, dhéanfaí áibhéil ar na brabúis. Dá bhrí sin, ba chóir go ndéanfaí na stoic a luacháil ar a gcostas nó ar a nglanluach inréadaithe, cibé acu is lú.

30

(b) **Costáil Táirgí**

(i) **Forchostais Bhuiséadaithe**

Roinn A

	Athraitheach	Seasta
	€	€
<u>Forchostais Bhuiséadaithe</u>	<u>20,000</u>	<u>22,000</u>
Uaireanta Buiséadaithe	500	500
Rátaí lonsú Forchostas	€40 in aghaidh na huaire saothair [1]	€44 in aghaidh na huaire saothair [1]

Roinn B

	Athraitheach	Seasta
	€	€
<u>Forchostais Bhuiséadaithe</u>	<u>18,000</u>	<u>23,000</u>
Uaireanta Buiséadaithe	1,000	1,000
Rátaí lonsú Forchostas	€18 in aghaidh na huaire saothair [1]	€23 in aghaidh na huaire saothair [1]

Roinn C

	Athraitheach	Seasta
	€	€
<u>Forchostais Bhuiséadaithe</u>	<u>21,000</u>	<u>42,000</u>
Uaireanta Buiséadaithe	1,400	1,400
Rátaí lonsú Forchostas	€15 in aghaidh na huaire saothair [1]	€30 in aghaidh na huaire saothair [1]

(ii)

Forchostas Riaracháin

	€
<u>Forchostas Riaracháin</u>	<u>55,100</u>
Iomlán na nUaireanta Buiséadaithe	2,900
Rátaí Ionsú Forchostas	€19 in aghaidh na huaire saothair [2]

(iii)

Costas Táirge agus Praghas Díolacháin a Ríomh

	€	€
Ábhair Dhíreacha (70 × 16)		1,120 [1]
Saothar Díreach/Pá		
Roinn A (50 × 15)	750 [1]	
Roinn B (120 × 26)	3,120 [1]	
Roinn C (24 × 34)	<u>816</u> [1]	4,686
Forchostas Athraitheach		
Roinn A (50 × 40)	2,000 [1]	
Roinn B (120 × 18)	2,160 [1]	
Roinn C (24 × 15)	<u>360</u> [1]	4,520
Forchostais Sheasta		
Roinn A (50 × 44)	2,200 [1]	
Roinn B (120 × 23)	2,760 [1]	
Roinn C (24 × 30)	<u>720</u> [1]	5,680
Forchostas riaracháin ghinearálta (194 × 19)		<u>3,686</u> [2]
Costas iomlán = 75% den phraghas díolacháin		19,692
Brabús = 25% den phraghas díolacháin		<u>6,564</u> [2]
Praghas díolacháin		26,256 [2]

Ós rud é go bhféadfadh an comhartha € i gcolún na n-uaireanta saothair a bheith ina ábhar mearbhaill, bronn lánmharcanna ar an uile iarrthóir le haghaidh C.8 (b) (i), (ii) agus (iii).

(iv) Ról an Chuntasóra Bainistíochta

Tá an cuntasóir bainistíochta ina b(h)all ríthábhachtach d'fhoireann bhainistíochta na heagraíochta. Cuireann sé/sí go mór leis na feidhmeanna bainistíochta a bhaineann le pleanáil, rialú agus cinnteoireacht.

Tá freagracht ar an gcuntasóir bainistíochta as an méid seo a leanas:

1. Sonraí a ullmhú/faisnéis a bhailiú atá riachtanach chun pleananna a chur le chéile.
2. Costais a thaifeadadh agus sonraí a sholáthar faoi chostas táirgí agus ranna.
3. Páirt a ghlacadh i gcruthú agus i gcur i bhfeidhm buiséad.
4. Cúnamh a thabhairt le rialú na n-oibríochtaí trí chostais iarbhir a chur i gcomparáid le costais bhuiséadaithe.
5. Sonraí a sholáthar le haghaidh cinntí ina n-éilítear ar bhainisteoirí cineálacha malartacha cur chuige a roghnú.
6. Cinnte a dhéanamh de go dtugtar sonraí ábhartha do bhainisteoirí go tráthúil agus go mbíonn na sonraí sin furasta le tuiscint.
7. Stoc deiridh a luacháil, a úsáidtear ina dhiaidh sin le linn ráitis airgeadais a ullmhú.

C.9 Buiséadú Solúbtha

43

(a) (i)

Forchostais táirgthe	Aonaid	Costas iomlán
	€	€
Ard	36,000	186,600
Íseal	<u>24,000</u>	<u>134,400</u>
Difríocht	<u>12,000</u>	<u>52,200</u>

Is é an costas athraitheach as 12,000 aonad 52,200; dá bhrí sin, is é an costas athraitheach in aghaidh an aonaid €4.35 [7]

Forchostas iomlán táirgeachta	132,400	158,500	184,600
Lúide costais athraitheacha [aonaid × €4.35]	<u>(104,400)</u>	<u>(130,500)</u>	<u>(156,600)</u>
Dá bhrí sin, costas seasta	28,000	28,000	28,000 [7]

(ii)

Forchostais eile	Aonaid	Costas iomlán
	€	€
Ard	36,000	250,800
Íseal	<u>24,000</u>	<u>169,200</u>
Difríocht	<u>12,000</u>	<u>81,600</u>

Is é an costas athraitheach as 12,000 aonad 81,600; dá bhrí sin, is é an costas athraitheach in aghaidh an aonaid €6.80 [7]

Forchostas iomlán táirgeachta	169,200	210,000	250,800
Lúide costais athraitheacha [aonaid × €6.80]	<u>(163,200)</u>	<u>(204,000)</u>	<u>(244,800)</u>
Dá bhrí sin, costas seasta	6,000	6,000	6,000 [7]

(iii)

Buiséad Solúbtha do Leibhéal Gníomhaíochta 95% i leagan amach Costála Imellaí		
	€	€
Díolacháin		1,083,500 [2]
Lúide: costais athraitheacha		
Ábhair dhíreacha [38,000 × 4.50]	171,000 [1]	
Saothar díreach [38,000 × 5.20]	197,600 [1]	
Forchostais táirgthe [38,000 × 4.35]	165,300 [1]	
Forchostais eile [38,000 × 6.80]	<u>258,400</u> [1]	<u>(792,300)</u>
Cion tairbhe		291,200 [2]
Lúide: costais sheasta		
Forchostais táirgeachta	28,000 [1]	
Forchostais eile	6,000 [1]	
Riarachán	<u>40,500</u> [1]	<u>(74,500)</u>
Brabús		<u><u>216,700</u></u> [4]

(b) (i)

Rogha 1		
Buiséad Solúbtha i leagan amach Costála Imellaí	€	€
Díolacháin		1,105,625 [2]
Lúide: costais athraitheacha		
Ábhair dhíreacha [40,000 × 4.50]	180,000 [1]	
Saothar díreach [40,000 × 5.20]	208,000 [1]	
Forchostais táirgthe [40,000 × 3.75]	150,000 [1]	
Forchostais eile [40,000 × 6.80]	<u>272,000</u> [1]	<u>(810,000)</u>
Cion tairbhe		295,625 [2]
Lúide: costais sheasta		
Forchostais táirgeachta	28,000 [1]	
Forchostais eile	6,000 [1]	
Riarachán	<u>40,500</u> [1]	<u>(74,500)</u>
Brabús		<u><u>221,125</u></u> [4]

Rogha 2		
Buiséad Solúbtha i leagan amach Costála Imellaí	44,000 aonad	
	€	€
Díolacháin		1,232,425 [2]
Lúide: costais athraitheacha		
Ábhair dhíreacha [44,000 × 4.50]	198,000 [1]	
Saothar díreach [44,000 × 5.20]	228,800 [1]	
Forchostais táirgthe [44,000 × 4.35]	191,400 [1]	
Forchostais eile [44,000 × 6.80]	<u>299,200 [1]</u>	<u>(917,400)</u>
Cion tairbhe		315,025 [2]
Lúide: costais sheasta		
Forchostais táirgeachta	25,760 [1]	
Forchostais eile	5,520 [1]	
Riarachán	<u>37,260 [1]</u>	<u>(68,540)</u>
Brabús		<u><u>246,485 [4]</u></u>

(ii)

Ba cheart dul le Rogha 2 [2]

(c)

(i) Déan idirdhealú idir 'cion tairbhe' agus 'brabús'

Is é an cion tairbhe ioncam ó dhíolacháin lúide costais athraitheacha. Úsáidtear é chun íoc as na costais sheasta. Nuair a íoctar as na costais sheasta, baineann aon chion tairbhe eile le brabús. Is é brabús ioncam ó dhíolacháin lúide costais iomlána (seasta agus athraitheach).

(ii) Tabhair breac-chuntas ar cén fáth a n-ullmhódh Ó Conalláin Teo. buiséad solúbtha.

1. Chun na leibhéil chostais ag leibhéil éagsúla táirgthe a thaispeáint don lucht bainistíochta.
2. Chun na costais iarbhír agus na costais bhuiséadaithe a chur i gcomparáid le chéile ag an leibhéal gníomhaíochta céanna.
3. Chun costais bhuiséadaithe agus costais iarbhír a chur i gcomparáid le chéile ar mhaithe le difríochtaí a aithint. Is féidir dul i mbun gníomh ceartaitheach dá bharr.
4. Chun cúnamh a thabhairt le costais a rialú nó le leibhéil táirgeachta a phleanáil. Ní fhaightear eolas fírinneach má dhéantar comparáid idir na costais bhuiséadaithe ag leibhéal gníomhaíochta amháin agus na costais iarbhír ag leibhéal gníomhaíochta difriúil.



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ba chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthrata a bhronnadh ar iarrthóirí nach ghnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna don scrúdú. Ba chóir freisin an marc bónais sin **a shlánú síos**.

Tábla 400 @ 5%

Bain úsáid as an tábla seo i gcás na n-ábhar a bhfuil 400 marc san iomlán ag gabháil leo agus inarb é 5% gnáthrata an bhónais.

Bain úsáid as an ngnáthrata i gcás 300 marc agus faoina bhun sin. Os cionn an mharc sin, féach an tábla thíos.

Bunmharc	Marc Bónais
301 - 306	14
307 - 313	13
314 - 320	12
321 - 326	11
327 - 333	10
334 - 340	9
341 - 346	8
347 - 353	7

Bunmharc	Marc Bónais
354 - 360	6
361 - 366	5
367 - 373	4
374 - 380	3
381 - 386	2
387 - 393	1
394 - 400	0

Leathanach Bán

Leathanach Bán

